An Coimisiún Eorpach

# DUL i gCAIDREAMH LE SAORÁNAIGH AN AONTAIS EORPAIGH — BREITH AR AN bhFAILL

*Tuarascáil ó Luc Van den Brande,*
*Comhairleoir Speisialta ag Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh*

## ACHOIMRE

Deireadh Fómhair 2017

Tá an tAontas Eorpach tar éis gabháil trí mhór-ghéarchéim féiniúlachta. Le linn na géarchéime sin d'éirigh dúshláin mhóra sa gheilleagar agus sa tsochaí, ghéaraigh ar an Eorasceipteachas agus ar an antoisceachas, agus, ó thart ar 2010, tá comharthaí ann, nach bhfacthas a leithéidí riamh roimhe, de mhímhuinín a bheith ag daoine as an tionscadal Eorpach. Tá aird tugtha ag Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, ag Jean-Claude Juncker, ar an méid sin, agus sin é an chúis a bhfuil sé ina thosaíocht aige athmhuintearas a chothú san Eoraip le linn a théarma oifige, chun go mbeidh muinín athuair ag na saoránaigh as an Eoraip. Chuige sin, tá 2 phríomhbheart molta aige: beartais an Aontais a dhíriú ar na príomhdhúshláin atá le sárú agus ar dhlisteanacht dhaonlathach a neartú.

Is sa chomhthéacs sin a cheap an tUachtarán Juncker Luc Van den Brande, iar-Aire-Uachtarán Fhlóndras agus iar-Uachtarán Choiste Eorpach na Réigiún, mar Chomhairleoir Speisialtaaige, agus an caidreamh le saoránaigh de chúram air. Ar na sainchúraimí atá ar Luc Van den Brande, tá tuarascáil a ullmhú faoi na dóigheanna ar féidir an caidreamh idir an tAontas agus saoránaigh an Aontais a neartú.

Cuireadh san áireamh sa tuarascáil sin na bearta cothaithe caidrimh a dhéanann an Coimisiún. Doiciméad neamhspleách í an tuarascáil agus ní gá gurb ionann na tuairimí atá nochta inti agus tuairimí an Choimisiúin. Tráchtar inti ar leas a bhaint as sineirgí le gníomhaithe eile Eorpacha agus náisiúnta chun comhphlé leis an bpobal a chur chun cinn. Leagtar amach inti creat arb é is aidhm dó aird na hEorpa a dhíriú ar a cuid saoránach, agus mínítear an chaoi arbh fhéidir úsáid a bhaint as cineálacha nua comhpháirtíochtaí le húdaráis agus institiúidí áitiúla agus réigiúnacha agus as an teicneolaíocht chun dul i gcaidreamh leis na saoránaigh. Ina theannta sin, cuirtear béim ar a thábhachtaí atá sé aird a thabhairt ar aos óg na hEorpa agus iad a bheith ina gcomhpháirtithe tábhachtacha sa phróiseas seo. I ndeireadh na tuarascála tá sraith de threoirlínte agus de mholtaí nithiúla maidir le cumarsáid. Tá an tuarascáil le fáil anseo: https://ec.europa.eu/commission/publications/reaching-out-eu-citizens-new-opportunity_en

## IONSAR CHAIDREAMH NUA IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS A SHAORÁNAIGH

Is ag dul i bhfeabhas atá an staid eacnamaíoch agus pholaitiúil ina bhfuiltear. Níl amhras ar bith ná go bhfuil geilleagar na hEorpa ag cur na géarchéime di. Tá muinín athuair ag daoine as na hinstitiúidí Eorpacha; de réir Eorabharaiméadar Caighdeánach 87, a rinneadh i mBealtaine 2017, feictear do 68 % de na freagróirí gur saoránaigh den Aontas iad, agus tá 56 % de na freagróirí dóchasach i dtaobh thodhchaí na hEorpa. Is é an príomhdhúshlán atá le sárú anois ag an gCoimisiún Eorpach agus ag institiúidí eile an Aontais Eorpaigh breith ar an bhfaill agus dul i gcaidreamh athuair leis an bpobal ar dhóigh nua agus le **dearcadh** nua.

Is dó sin a bhí an tUachtarán Juncker ag tagairt, in Aitheasc 2017 ar Staid an Aontais, nuair a luaigh sé an ghaoth ag gabháil i seolta an Aontais. Tá an tUachtarán Juncker láncheaptha ar chlár oibre dearfach a chur i bhfeidhm — "an Eoraip sin a chumhdaíonn, a chumhachtaíonn agus a chosnaíonn" —agus ar leanúint den díospóireacht faoi thodhchaí na hEorpa go dtí mí an Mheithimh 2019, tráth a bheidh na toghcháin Eorpacha ann.

Deirtear sa tuarascáil go bhfuil sé tábhachtach anois, murab ionann is riamh, na saoránaigh a chur i gcroílár bhearta polaitiúla an Aontais. Chun go mbeidh muinín an athuair ag an bpobal, moltar na 4 bheart seo, atá ag comhlánú a chéile, a dhéanamh go práinneach:

NA-06-17-147-GA-N

- Beartais a chur ar bun a rachadh i ngleic le hábhair imní na saoránach. Ní **fíricí** amháin a theastaíonn ó dhaoine; teastaíonn uathu, freisin, a bheith páirteach sna roghanna a dhéantar, na **roghanna** sin a phlé agus ansin iad a chur i bhfeidhm.
- Daonlathas a chur ar bun a bheadh rannpháirtíoch go fírinneach, agus éifeachtach, ina bhféadfadh ról a bheith ag na saoránaigh i mbearta polaitiúla san Aontas. Ach rannpháirteachas dá leithéid a bheith ann — rud a d'fhéadfaí a bhaint amach le comhaontuithe comhpháirtíochta de chineál nua, go háirithe ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach — is mó an bhraistint a bheadh ag na saoránaigh go raibh a leas féin i ngeall ar an tionscadal Eorpach. Ina cheann sin, caithfidh an tAontas Eorpach an t-eolas atá ag ionadaithe na sochaí sibhialta a aithint ina iomláine agus lánleas a bhaint as an eolas sin, arae is minic gurb iadsan a cheapann réitigh ar fhadhbanna.
- Lánleas a bhaint as uirlisí nua cumarsáide chun gur fusa do na saoránaigh ábhar a rochtain agus a chruthú, go háirithe ábhar AE a imríonn tionchar ar a saol ó lá go chéile. A bhuí le teicneolaíochtaí nua, na meáin shóisialta go háirithe, is féidir leis na saoránaigh a dtuairimí a nochtadh go díreach, agus cloistear anois glór daoine ó gach cearn den Eoraip.
- Cur chuige nua i leith daoine óga a cheapadh, agus iad ina spriocghrúpa tosaíochta, trí dhioscúrsa luachbhunaithe a shaothrú chun a spéis a mhúscailt agus trí na huirlisí a chur ar fáil dóibh atá ag teastáil chun an chéad ghlúin eile de cheannairí Eorpacha a dhéanamh díobh. Tá breis agus 40 % de mhuintir na hEorpa faoi bhun 35 bliain d'aois, agus dá bhrí, murab ionann is riamh tá daoine óga ina gcomhpháirtithe tábhachtacha ó thaobh cumarsáide agus comhphlé de.

## NA PRÍOMH-MHOLTAÍ

Tá mórchuid cineálacha moltaí sa tuarascáil, cuir i gcás moltaí a bhaineann le cur chun feidhme an daonlathais rannpháirtíochta laistigh d'institiúidí an Aontais Eorpaigh. Is é barúil údar na tuarascála go bhfuil féidearthachtaí mórasa Chonradh agus sna huirlisí atá ann cheana ar féidir leas a bhaint astu chun comhphlé a chur chun cinn idir na saoránaigh ar an leibhéal Eorpach. Is amhlaidh is ábhartha sin ós ní é gur fearr le daoine óga polaitíocht atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus ar shaincheisteanna. Ní mór an comhphlé idir na saoránaigh agus na hinstitiúidí a athneartú agus a leathnú a oiread agus is féidir chun tuairimí an phobail i gcoiteann a chur san áireamh. Ní mór cláir oibre a cheapadh agus é soiléir gur ón mbun aníos atá siad ag feidhmiú, chun go bhféadfaidh na saoránaigh páirt a ghlacadh i bpróiseas cinnteoireachta de shaghas nua.

Moltar sa tuarascáil glúin nua de chomhaontuithe um chomhpháirtíochtaí cumarsáide a bhunú idir na hinstitiúidí agus na Ballstáit, sa treo agus gur ar an dá dhream sin ar aon a bheidh sé de chúram na saoránaigh a chur ar an eolas faoi ghnóthaí an Aontais. Dealraíonn sé gur comhpháirtíochtaí nua a bhunú le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla an tslí is fearr le dul i gcaidreamh leis na saoránaigh, i ngeall ar a chóngaraí atá na n-údarás sin dóibh. Deirtear freisin sa tuarascáil gur gá an ghné Eorpach a chur chun cinn san oideachas agus feabhas a chur ar an dóigh a n-ullmhaítear daoine óga nach ionann cúlra sóisialta dóibh maireachtáil le chéile agus **a bheith ag plé le chéile**. Is ceart lánaird a thabhairt sa díospóireacht atá ar siúl faoi láthair ar an ról sóisialta atá ag an oideachas. Ina cheann sin, cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gceart a thabhairt do na saoránaigh a bheith lánpháirteach, ar gach leibhéal de dhaonlathas coiteann an Aontais —an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta.

Déantar tagairt freisin do na gníomhaíochtaí a bhfuil an Coimisiún ag gabháil dóibh i láthair na huaire, e.g. **an comhphlé leis na saoránaigh** atá sé a eagrú ar fud an Aontais chun an tAontas a thabhairt i ngar don saoránach. Idir Eanáir 2015 agus Meán Fómhair 2017, eagraíodh an Comhphlé leis na Saoránaigh 333 uair in 145 baile agus cathair. Tá breis agus 500 ionad **Europe Direct** ann, ionaid atá ina gcomhpháirtithe ríthábhachtacha ó thaobh caidreamh a dhéanamh leis na saoránaigh agus iad a thabhairt i ngar don Aontas Eorpach; is ceart ról níos lárnaí a thabhairt do na hionaid sin i gcraobhscaoileadh faisnéise.

Sa tuarascáil, tá 15 threoirlíne maidir le gníomhaíochtaí cumarsáide a fheabhsú, cuir i gcás feabhas a chur ar an gcomhordú idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit agus iad ag plé gnóthaí Eorpacha le chéile, agus glúin úr den Chomhphlé leis na Saoránaigh a sheoladh agus pearsana cultúir, ealaíne agus spóirt páirteach iontu.

I ndeireadh na tuarascála tá 15 cinn eile de mholtaí ginearálta de shaghsanna éagsúla, e.g. daoine a ghríosú le comhthionóil saoránach díláraithe a bhunú, a d'fheidhmeodh ón mbun aníos, ina bhféadfaí todhchaí na hEorpa a bhreithniú agus a phlé, agus (ar nós Erasmus+) scéimeanna nua a chur chun cinn a thabharfadh caoi do pholaiteoirí áitiúla, agus do dhaoine eile nach iad, malartú agus líonrú a dhéanamh.

CV an Uasail Van den Brand: https://ec.europa.eu/info/files/cv-luc-van-den-brande_en

ISBN 978-92-79-73679-7
doi:10.2775/257425